
SCÉAL RATHA

# FÓRAM AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

# ‘NÁ COINNÍMIS AINMHITHE I GCÁSANNA FEASTA’




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR AN ÁBHAIR


‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’ 3

An feachtas ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’ 5

Tionchar an fheachtais ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’ 11

# 1 ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’

Is Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh é ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’ a cláraíodh go foirmiúil an 11 Meán Fómhair 2018. D’iarr lucht an fheachtais ar an gCoimisiún Eorpach cosc uile-Aontais a mholadh ar úsáid cásanna san fheirmeoireacht ainmhithe. San Aontas coinnítear breis agus 300 milliún ainmhí feirmshaothraithe i gcásanna an chuid is mó dá saol. Is cruálach an rud ainmhithe a choinneáil i gcásanna agus níl aon ghá leis, mar go bhfuil córais feirmeoireachta ann atá saor ó chásanna agus iad inmharthana ó thaobh tráchtála de.

D’iarr lucht an fheachtais ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh chun toirmeasc a chur ar úsáid na nithe seo a leanas:

- cásanna le haghaidh na mbéaróg, na gcoiníní, na n-eireog, na bpóraitheoirí sicíní grísce, na bpóraitheoirí béaróg, na ngearg, na lachan agus na ngéanna;
- cliathbhoscaí breithe le haghaidh cránacha;
- stallaí cránach, i gcás nach bhfuil cosc ar na stallaí sin cheana féin;
- pionnaí aonair le haghaidh laonna, i gcás nach bhfuil cosc ar na pionnaí cheana féin.

D’éirigh leis an bhfeachtas ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’ tacaíocht a chruinniú ó bhreis agus 1.4 milliún sínitheoir fíoraithe, agus an íosmhéid sroichte in 18 mBallstát. Dá bhrí sin, bhí ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’ ar an 6ú feachtas ar éirigh leis milliún síniú a aimsiú, an líon ba riachtanach, agus an líon sin a shárú freisin.

Tar éis dóibh an tionscnamh a thíolacadh an 2 Deireadh Fómhair 2020, bhuail na heagraithe le Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Shábháilteacht Bia, Stella Kyriakides, agus chuir siad an tionscnamh i láthair ina dhiaidh sin le linn éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa (an 15 Aibreán 2021). I seisiún iomlánach an 10 Meitheamh 2021, thacaigh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa le héileamh



shaoránaigh na hEorpa deireadh a chur de réir a chéile le húsáid cásanna san fheirmeoireacht agus ghlac siad an rún comhfhreagrach le 558 vóta i bhfabhar, 37 i gcoinne, agus 85 staonadh.

An 30 Meitheamh 2021 ghlac an Coimisiún Eorpach a theachtaireacht faoin tionscnamh seo. Leag an teachtaireacht amach na gníomhaíochtaí a moladh, mar atá: go dtabharfar i láthair togra reachtach roimh dheireadh 2023 chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid córas cásanna le haghaidh na n-ainmhithe uile atá luaite sa tionscnamh, agus an úsáid sin a thoirmeasc sa deireadh thiar. Féachfaidh an Coimisiún le bearta tacaíochta sonracha a thabhairt isteach i bpríomhréimsí beartas gaolmhara freisin, cuir i gcás an trádáil, an taighde, agus an nuálaíocht. Ós rud é go mbeidh leasuithe le déanamh ar chórais reatha feirmeoireachta agus deireadh á chur le húsáid cásanna, déanfaidh an Coimisiún na himpleachtaí socheacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann leis na bearta atá le glacadh a mheas, chomh maith leis na buntáistí a bheadh ann do leas na n-ainmhithe, mar chuid de mheasúnú tionchair atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2022. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar indéantacht na reachtaíochta beartaithe atá le tabhairt i bhfeidhm ó 2027 ar aghaidh.

## Na tosca is gá ionas go n-éireoidh le feachtas:

- Scéala faoin ngá le hathrú. Tuiscint a bheith ag na saoránaigh nach bhfuil áit ann le haghaidh úsáid cásanna in obair na feirmeoireachta sa 21ú haois;
- Éileamh soiléir a dhréachtú. Is ar chásanna a dhírigh an feachtas, mar is iad is cúis le fulaingt mhór na n-ainmhithe agus bíonn tionchar diúltach acu ar leas na n-ainmhithe. San fheachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta' díríodh ar éileamh amháin thar na speicis éagsúla d'ainmhithe feirmshaothraithe;
- Comhar láidir a bhunú le gníomhaithe eile ar son na cúise. D'éirigh leis an tionscnamh seo mar gheall go ndeachaigh breis agus 170 eagraíocht ar fud na hEorpa i bpáirt le chéile. Trí eolas, taithí agus acmhainní a roinnt lena chéile, tháinig an tionscnamh i dtreis.


# 2
# An feachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta'

## Ullmhúchán

Tá taithí mhór ag eagraithe an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta' maidir le leas na n-ainmhithe a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar fhadhbanna i leith na dianfheirmeoireachta ar ainmhithe. Tamall gearr tar éis teacht i bhfeidhm don Rialachán maidir le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, chláraigh na heagraithe tionscnamh a d'iarr Treoir AE maidir le leas na mbó déiríochta. Tharraing na heagraithe siar an tionscnamh seo go gairid i ndiaidh a chláraithe, áfach, mar gheall ar mhoill ar sheachadadh an chórais bogearraí a d'úsáidfí chun sínithe a bhailiú. An chéad taithí sin le próiseas Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, thug sé eolas don fhoireann ar an ionstraim agus tháinig siad i bhfeasacht ar an acmhainneacht atá leis dá bharr. Agus fios maith ag na heagraithe go bhfuil gluaiseacht abhcóideacht na n-ainmhithe forleathan ar fud an Aontais agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na saoránach atá ag iarraidh feabhsuithe móra ar an dóigh a gcaitear le hainmhithe feirmshaothraithe, is éard a rith leo gur ghá a oiread tacaíochta agus is féidir a fháil ionas gur dhóichí go ndéanfar athchóiriú reachtach. Dá bhrí sin, tháinig sé chun solais gurb é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an uirlis iomchuí chun an sprioc seo a aimsiú.

Is rud ar mhórán tábhachtacha a bhí sa **phleanáil chúramach** agus bhí obair mhór ag baint le dréachtú thogra an tionscnaimh. Cuireadh tús leis an ullmhú bliain roimh ré trí éileamh dlíthiúil an fheachtais a shainiú agus trí uirlisí cumarsáide agus feachtais a phleanáil.  Buille ar bhuille leis an obair sin, thosaigh na heagraithe ag sainaithint comhpháirtithe a thacódh leis an bhfeachtas agus d'earcaigh siad breis agus 170 eagraíocht ar fud an Aontais Eorpaigh sa deireadh. D'oibrigh siad le hIdirghrúpa um Leas Ainmhithe Pharlaimint na hEorpa freisin agus chuidigh siad chun foghrúpa d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa a bhunú i dtreo deireadh a chur le húsáid cásanna san fheirmeoireacht go sonrach.

Chomh maith leis sin, ba mhian leis na heagraithe deimhin a dhéanamh de go raibh **rochtain níos fearr acu ar mhaoiniú leordhóthanach, pleananna cúltaca indéanta, agus an acmhainneacht** chun leanúint ar aghaidh. Ba thábhachtach an



rud freisin taighde agus machnamh a dhéanamh faoin dteachtaireacht a bhí ag an bhfeachtas seo do shaoránaigh Eorpacha agus don Choimisiún maidir le todhchaí na feirmeoireachta. I rith an phróisis seo, chuaigh na heagraithe i dteagmháil le saoránaigh chun a gcuid smaointe le haghaidh an fheachtais a phlé: "Is leo a mhúnlaíomar ár gcuid smaointe. Uainn féin a tháinig cuid de na smaointe agus uathu sin oiread eile, agus d'fhoghlaimíomar go leor uathusan." Tar éis machnamh cúramach a dhéanamh: roghnaíodh an cás, ceann de na siombailí is bunúsaí den dianfheirmeoireacht ar ainmhithe, chun an tionscnamh a stiúradh. Ar an iomlán, is ar chúrsaí mar atá faoi láthair a bhí teachtaireacht an tionscnaimh bunaithe, ach ba ghá gur ar an am atá le teacht a dhíreodh sí, go gcuirfeadh sí roghanna malartacha follasacha ar fáil, agus go mbeadh gnéithe dearfacha ag roinnt léi.

Bhí sé fíorthábhachtach do na heagraithe **straitéis éifeachtach cumarsáide a ullmhú**. Ba thábhachtach na spriocphobail éagsúla a shainiú agus a thuiscint, bíodh siad sin ina lucht ceaptha beartas, an pobal i gcoitinne, nó lucht na meán. Cuireadh stíl theachtaireacht an fheachtais in oiriúint chun go rachadh sé i gcion ar an spriocphobal ar leith dár ceapadh an teachtaireacht ag aon am áirithe.

Ba ríthábhachtach **láithreacht ar líne a fhothú** freisin mar chuid de straitéis chumarsáide an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta'. Chruthaigh na heagraithe suíomh gréasáin dóibh féin agus do roinnt comhpháirtithe chomh maith. Ina theannta sin, ba thábhachtach ábhar a chruthú agus a scaipeadh ar líne agus ar na meáin shóisialta chun an tionscnamh a chur chun cinn. Dar leis na heagraithe gur fóinteach na feachtais ar íocaíocht ar na meáin shóisialta, ach nach príomhghnéithe iad sin chun críoch rath an fheachtais.  Mar aon le béim shuntasach ar líne, bhraith an feachtas ar bhileoga eolais páipéir, agus scaipeadh iad go forleathan i dteangacha éagsúla (tá tuilleadh eolais ar fáil sa seimineár gréasáin seo: 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta' ina dtugann Olga Kikou, eagraí, a léargas féin ar an stocaireacht ar líne).


Nuair a bhí straitéis bainistíochta feachtais á hullmhú ag na heagraithe, leag siad síos **clocha míle agus sprioclíonta soiléire** le haghaidh sínithe i ngach Ballstát. D'ullmhaigh siad féilire mhionsonraithe a leagann amach a gcuid tascanna le haghaidh gach mí den fheachtas agus le haghaidh na tréimhse tar éis bhailiú na sínithe.

Bhí rath an fheachtais ag brath ar **chur i gcrích gach ullmhúchán agus pleanáil roimh chlárú** an tionscnaimh (i láthair na huaire, faoi na rialacha nua maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tugtar faoi deara go bhfuil suas le 6 mhí ag na heagraithe idir clárú agus tús na tréimhse 12 mhí le haghaidh bhailiú na sínithe. Tráth a seoladh an feachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', ní raibh na rialacha sin i bhfeidhm).



## Cur chun feidhme

Mar chuid den fheachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', ba mhinic a bhí **go leor gníomhaíochta ar siúl i gcomhthráth ag leibhéil éagsúla**. Chuir na heagraithe píosaí scannánaíochta imscrúdaithe amach a rinneadh i bhfeirmeacha ina raibh cásanna á n-úsáid, chun feasacht an phobail a mhéadú maidir leis an gceist agus chun na dálaí maireachtála a bhíonn i gceist do go leor ainmhithe feirmshaothraithe a thabhairt chun follais. Ag an am céanna, d'oibrigh siad le lucht déanta na gcinntí ó institiúidí an Aontais, in éineacht le páirtithe leasmhara éagsúla, cuir i gcás eolaithe, gnólachtaí agus eagraíochtaí i mbun feachtais le haghaidh an chomhshaoil, na sláinte agus na feirmeoireachta. Chuaigh siad leis na meáin shóisialta agus rinne siad iarracht líon seasta de ráitis tacaíochta a chur amach gach mí, agus iad ag leagan amach pleananna cruthaitheacha cúltaca a d'fhéadfaí a úsáid dá dtiocfadh maolú ar an tacaíocht.




Ba riachtanach an rud **ról na heagraíochta comhpháirtithe** freisin. Ba rud an-tábhachtach sin do na heagraithe chun a chur ina luí go raibh na comhpháirtithe tiomanta don chúis agus chun a chur in iúl gur bhain an tionscnamh leo féin mar thogra a oiread chéanna agus a bhain sé leis na tionscnóirí. Thacaigh na heagraithe leis an líonra trí ábhar a chruthú agus a roinnt a d'fhéadfaidís a úsáid chun freastal ar a gcuid riachtanas agus acmhainní féin . Sheol na heagraithe nuachtlitreacha agus an t-eolas is déanaí trí ríomhphost go rialta, mar aon le glaonna fíorúla a chur, chun fanacht i dteagmháil leis an líonra agus chun cumarsáid sheasta agus leanúnach lena gcuid comhpháirtithe a chinntiú. Thairis sin, d'eagraigh cuid mhaith comhpháirtithe a gcuid imeachtaí féin agus bhí ról lárnach gníomhach acu ar na meáin shóisialta, agus iad ag díriú ar a gcuid líonraí féin, ag logánú agus ag aistriú eolais agus ábhair bholscaireachta.

Ó thús, is éard a bhí mar chuspóir don fheachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta' **sínithe a bhailiú ó gach tír laistigh den Aontas**, seachas gan díriú ach ar chuid acu. D'éirigh le heagraithe go leor sínithe a bhailiú i dtíortha ina raibh oifigí nó ionadaithe acu agus i dtíortha ina raibh láithreacht láidir ag comhpháirtithe líonra. Bhí ról tábhachtach ag imeachtaí lainseála agus an feachtas ina thús. Reáchtáladh na himeachtaí seo ar leibhéal náisiúnta i mBallstáit éagsúla i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla agus i bParlaimint na hEorpa.

Ós rud é gur ionstraim trasnáisiúnta í, ba riachtanach láithreacht ghníomhach a bheith ann in go leor tíortha agus ba ríthábhachtach ról na n-oibrithe deonacha san fheachtas.

I rith an fheachtais, tháinig **roinnt daoine mór le rá** amach, leithéid Pamela Anderson agus Ricky Gervais, ag tacú leis an bhfeachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', rud a bhí an-tairbheach sa deireadh. Bhí ról tábhachtach ag daoine áitiúla mór le rá ar leibhéal an ghnáthphobail, mar bhí dáimh agus tuiscint ag an bpobal leo. Bhí tacaíocht na ndaoine mór le

rá thar a bheith luachmhar, go háirithe i ngeall ar an éifeacht iolraitheora a eascraíonn go minic as a gcuid rannpháirtíochta agus tacaíochta.

## Bailiú na sínithe

Cé go raibh tábhacht leis an stocaireacht thraidisiúnta, agus cé gur chuid lárnach di labhairt le daoine go díreach, ba léir do na heagraithe gur ar líne a bhaileofaí formhór na sínithe seachas ar páipéar.

I ndáil le líon na sínithe a bailíodh, chonacthas do na heagraithe go raibh fuinneamh suntasach ann ag tús an fheachtais agus go leor saoránach ag síniú an tionscnaimh. Mar sin féin, tar éis roinnt míonna tháinig maolú ar an líon, agus b'éigean do na heagraithe smaoineamh ar bhealaí cruthaitheacha chun líon na sínithe a mhéadú arís.

Is é OpenECI, bogearra ar líne le haghaidh sínithe a bhailiú, a bhí á úsáid leis an bhfeachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', bogearra a úsáideadh cheana le roinnt tionscnamh roimhe sin. Cinneadh na n-eagraithe OpenECI a úsáid, is ar eispéireas solúbtha an úsáideora a bunaíodh sin, agus ar an gcumas sonraí teagmhála an úsáideora a bhailiú (má thograíonn siad sin a dhéanamh) ar mhaithe le heolas leantach a sheoladh ina dhiaidh.


Tá tuilleadh eolais, leideanna agus cleasa maidir le bailiú sínithe ag Olga Kikou, eagraí an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', agus iad sin ar fáil anseo.

!

## NÓTA TÁBHACHTACH:

Ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh is é an Lárchóras Bailithe ar Líne de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an t-aon chóras amháin a bheidh eagraithe in ann a úsáid. Roinnt de na príomhbhuntáistí a bhaineann leis:

- níl ach **beagán ullmhúcháin** le déanamh (réiteach lándéanta);
- tá sé **saor in aisce**;
- **ní theastaíonn aon cheadú** (tá na caighdeáin theicniúla agus slándála á gcomhlíonadh ag an gcóras cheana – leis an gcóras a úsáid, níl le déanamh ach comhaontú a shíniú leis an gCoimisiún);
- **suiteáil ghasta** (leis an gcóras a úsáid, ní gá ach an Coimisiún a chur ar an eolas trí do chuntas d'eagraithe 10 lá oibre sula dtosaíonn an bailiú);
- tá roinnt tíortha ann inar féidir le lucht tacaíochta an **ríomh-shainaitheantas** a úsáid chun síniú a chur le tionscnaimh;
- is córas é atá go hiomlán inrochtana do dhaoine atá **faoi mhíchumas**;
- is féidir an córas a úsáid freisin chun **seoltaí ríomhphoist sínitheoirí** a bhailiú (ar mhaithe le cumarsáid leanúnach a dhéanamh leo maidir leis an tionscnamh).


Líon na ráiteas tacaíochta
(i gcló trom, tíortha inár sroicheadh an tairseach)
500,000
450,000
400,000
350,000
300,000
250,000
200,000
150,000
100,000
50,000
0
Austria
Belgium
Bulgaria
Croatia
Cyprus
Czechia
Denmark
Estonia
Finland
France
Germany
Greece
Hungary
Ireland
Italy
Latvia
Lithuania
Luxembourg
Malta
Netherlands
Poland
Portugal
Romania
Slovakia
Slovenia
Spain
Sweden



## Fíorú agus tíolacadh

Ar an iomlán, i gcaitheamh bliana, bailíodh 1,397,113 síniú fíoraithe in 28 mBallstát an Aontais agus tíolacadh iad an 2 Deireadh Fómhair 2020.

Creideann na heagraithe go raibh tábhacht chomh mór leis an gcéim i ndiaidh bhailiú na sínithe agus a bhí leis an mbailiú féin. Rinne siad teagmháil leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit, agus chinntigh siad gur cuireadh gach ráiteas ar fáil dóibh go tráthúil. Tharla gur chasta an próiseas a bhí ansin, agus ba ghá na ráitis phriontáilte a chruinniú agus a stóráil de réir tíre, teagmháil a dhéanamh le hoifigigh sna tíortha sin agus cumarsáid a dhéanamh leo chun a n-aird agus a bhfreagairt phras a chinntiú. Dúshlán breise i rith na tréimhse seo ná gur gá prapáil don chruinniú leis an gCoimisiún Eorpach agus don éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa, ar gníomhaíochtaí iad sin a bhfuil go leor ama le caitheamh orthu. I ndeireadh na mbeart, ba ríthábhachtach **an feachtas a choinneáil beo agus leibhéal ard spéise a choinneáil** i measc na saoránach i rith na tréimhse tíolactha.

Tá tuilleadh eolais ar fáil sa seimineár gréasáin seo ar na céimeanna éagsúla atá i gceist le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a eagrú. Pléann Olga Kikou, eagraí an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', an cineál taithí a bhí ag eagraí tionscnaimh rathúil ar na céimeanna éagsúla.



# 3
# Tionchar an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta'

## Scrúdú agus cinneadh an Choimisiúin

An 30 Deireadh Fómhair 2020 bhuail eagraithe an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta' le Věra Jourová, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus le Stella Kyriakides, an Coimisinéir um Shláinte agus um Shábháilteacht Bia. (Féach an phreaseisiúint).

An 15 Aibreán 2021, rinne an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe de chuid Pharlaimint na hEorpa in éineacht leis an gCoiste um Achainíocha, éisteacht phoiblí a eagrú maidir leis an tionscnamh. I rith na héisteachta, thacaigh Feisirí ó Pharlaimint na hEorpa leis an bhfeachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta' tríd is tríd ar fud an speictrim pholaitiúil, agus is dearfach a labhair na Coimisinéirí ina thaobh. (Féach an phreaseisiúint)

I seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021, d'aontaigh Feisirí go bhfuil gá le reachtaíocht AE agus iarradh ar an gCoimisiún tograí reachtacha a cheapadh chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid cásanna san fheirmeoireacht ainmhithe san Aontas, chomh luath le 2027 b'fhéidir, tar éis idirthréimhse iomchuí agus tar éis dlúthmheasúnú tionchair eolaíoch a chur i gcrích. Glacadh rún le 558 vóta i bhfabhar, 37 i gcoinne, agus 85 staonadh. Chuir Feisirí i dtábhacht gurb ann do roghanna malartacha in ionad úsáid na gcásanna san fheirmeoireacht, agus go bhfuil siad sin á gcur i bhfeidhm go rathúil i roinnt Ballstát. Ba cheart tuilleadh feabhais a chur ar na córais mhalartacha sin, agus iad a spreagadh ar leibhéal na mBallstát, agus teastaíonn reachtaíocht AE chun cothrom na Féinne a chinntiú le haghaidh na bhfeirmeoirí ar fud an Aontais Eorpaigh. (Féach an phreaseisiúint)

Tar éis na díospóireachta i bParlaimint na hEorpa, chuir an Coimisiún a fhreagra oifigiúil i láthair i bhfoirm teachtaireachta an 30 Meitheamh 2021. (Féach an phreaseisiúint). I bhfreagra an Choimisiúin ar an bhfeachtas 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', tugadh gealltanas go gcaibidleoidh sé togra reachtach roimh dheireadh 2023 chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid córas cásanna le haghaidh na n-ainmhithe uile atá luaite sa



tionscnamh, agus an úsáid sin a thoirmeasc sa deireadh thiar. I gcomhthreo leis an reachtaíocht agus chun aistriú cóir atá inmharthana go heacnamaíoch go dtí an fheirmeoireacht saor ó chásanna a éascú, féachfaidh an Coimisiún le bearta tacaíochta sonracha a thabhairt isteach i bpríomhréimsí beartas gaolmhara, cuir i gcás an trádáil agus an taighde agus an nuálaíocht. Ós rud é go mbeidh leasuithe le déanamh ar chórais reatha feirmeoireachta agus deireadh á chur le húsáid cásanna, measfaidh an Coimisiún mar chuid de mheasúnú tionchair atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2022 na himpleachtaí socheacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann leis na bearta atá le glacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an indéantacht i dtreo na reachtaíochta beartaithe atá le teacht i bhfeidhm ó 2027 ar aghaidh.

## Bearta leantacha

Mar aon le tionchar foirmiúil an fheachtais 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta', is ríthábhachtach tionchar an tionscnaimh laistigh de Pharlaimint na hEorpa a shoiléiriú chomh maith.  Níos tábhachtaí ná aon rud eile, d'oibrigh na heagraithe go gníomhach le hIdirghrúpa um Leas Ainmhithe Pharlaimint na hEorpa agus chuidigh siad chun foghrúpa d'Fheisirí a bhunú i dtreo deireadh a chur le húsáid cásanna san fheirmeoireacht go sonrach.

## Leideanna agus cleasa d'eagraithe atá le teacht

- Is tábhachtach a bheith go hiomlán ullmhaithe agus gan tabhairt faoin bpróiseas agus tú ag smaoineamh go mbeidh sé éasca. Ní leor ann féin smaoineamh maith a bheith ag duine.
- Is ceart dua mór a chaitheamh le líonra láidir de shaorálaithe agus d'eagraíochtaí comhpháirteacha a chothú chun tacú leis an bhfeachtas.
- Is rud an-tábhachtach pleanáil a dhéanamh agus oibriú le daoine eile. Is iomaí dúshlán a bheidh ann roimh thréimhse an bhailithe, lena linn agus ina diaidh.
- Tuairimí a roinnt le heagraithe eile a bhfuil tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh seolta acu cheana féin, chomh maith leis na páirtithe leasmhara atá ag obair ar an tsaincheist is mian leat féin a athrú. Ní gan chomhoibriú a éireoidh le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh!  Déan an réamhobair agus bí ag foghlaim oiread agus is féidir ó eagraithe tionscnaimh eile.
- Ní bhíonn críoch leis an bpróiseas ar an lá a chríochnaíonn tréimhse bailithe na sínithe. Teastaíonn cuid mhór ama le prapáil a dhéanamh don chruinniú leis an gCoimisiún Eorpach agus don éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Tá sé thar a bheith tábhachtach an feachtas a choinneáil beo.  Déan deimhin de nach n-imíonn an tsaincheist ó aird an phobail ag an bpointe seo.